

## San Nioclás



Oíche Nollag a bhí ann. Bhí na páistí ina gcodladh sa **seomra codlata**. I lár na hoíche tháinig San Nioclás. Bhí cóta mór dearg agus caipín dearg air. Bhí bróga arda ar a chosa. Bhí **féasóg** fhada liath air. Bhí mála mór ar a dhroim. Bhí a lán **bréagán** sa mhála. D'fhág sé bréagáin do na páistí. Fuair Tomás camán agus liathróid. Fuair Íde **teach bábóige** agus leabhar scéalta. Fuair Nóra bábóg agus pram beag.

### Foclóir:

seomra codlata, bedroom

féasóg, beard

liath, grey

bréagáin, toys

teach bábóige, doll's house.

### A. Líon isteach na bearnaí:

Oíche No—lag, seomra co—lata, féa—óg, bré—gán, liath—óid, teach bá—óige.

### B. Líon isteach na bearnaí:

1. I lár na hoíche tháinig — —.
2. Bhí cóta — — agus caipín — air.
3. Bhí féasóg — — air.
4. Fuair Íde — bábóige agus leabhar —.

### C. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cá raibh na páistí?  
— sa chistin.  
— sa seomra codlata.  
— sa chlós.
2. Cad a bhí sa mhála?  
— gual.  
— úlla.  
— a lán bréagán.
3. Cé a fuair bábóg agus pram?  
— Íde.  
— Tomás.  
— Nóra.

### D. Freagair na ceisteanna:

1. Céard a fuair Íde?
2. Cé a fuair camán agus liathróid?
3. Cén dath a bhí ar an bhféasóg?
4. Cá raibh an mála ag San Nioclás?
5. Céard a fuair tusa ó Shan Nioclás anuraidh?

### E. Scríobh an scéal: An Nollaig.

Bhí áthas; an Nollaig ag; laethanta saoire; rinne Mamaí; bhí crann Nollag sa; chuir mé; — ar an gcrann; mainséar; Oíche Nollag; San Nioclás; fuair mé; fuair —.

### Gramadach 12

#### (i) Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Seo é Seán. Tá caipín deas air.

1. Is mise San Nioclás. Tá caipín dearg —.
2. Tháinig fear an phoist isteach. Bhí caipín píce —.
3. Tháinig Daidí agus Tomás isteach. Bhí cótaí móra —.

#### (ii) Foghlaim: i lár na hoíche i lár an lae

#### Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** D'imigh an cat i lár na hoíche.

1. Tháinig San Nioclás i — — —.
2. Bhí an lón againn i — — —.
3. Bhí an ghrian ag taitneamh i — — —.